An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# An Scéim Morgáiste go Cíos
# (Ráiteas Príobháideachais)

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiciúil agus spásúlachta, as rialtas áitiúil, as réamhaisnéis na haimsire agus as an oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a mheas. Míníonn an ráiteas príobháideachta seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil di maidir leis an Scéim um Morgáiste go Cíos (SMC); conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cad iad na cearta a fhéadfaidh tú a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Fostaíonn an Roinn an Ghníomhaireacht Tithíochta chun an Scéim SMC a riar thar a ceann. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta mar phróiseálaí sonraí don Roinn agus gníomhaíonn sí de réir a dtreoracha. Baineann an Ráiteas Príobháideachta seo le sonraí pearsanta a phróiseálann an Roinn agus an Ghníomhaireacht Tithíochta ar a son maidir leis an Scéim SMC.

**Catagóirí sonraí pearsanta**

Próiseálann an Roinn na sonraí pearsanta seo a leanas maidir leis an Scéim SMC:

- Ainm iomlán (céadainm agus sloinne an iarratasóra(í))
- Sonraí teagmhála tríú páirtí, más infheidhme
- Seoladh, Eircode san áireamh
- Dáta breithe, más infheidhme
- Cineál Maoine
- Uimhir Theagmhála
- Uimhir Fóilió
- Cineál Maoine agus líon na Seomraí Leapa
- Líon na ndaoine a chónaíonn sa teach, líon agus inscne na gcleithiúnaithe, (má bhaineann) san áireamh
- Praghas díola na maoine
- Uimhir thagartha Tacaíochta Tithíochta Sóisialta, faomhadh ar fhorais leighis, más infheidhme san áireamh
- Deimhniú go bhfuil litir eisithe ag an Iasachtóir maidir le stádas an mhorgáiste a bheith neamh-inbhuanaithe
- Deimhniú go bhfuil an mhaoin i gcothromas diúltach de réir Chritéir Cháilitheachta na ScéimeSMC **<u>nó</u>** leibhéal an chothromais dhearfach de réir Chritéir Cháilitheachta na Scéime SMC

- Cibé ar bhain an t-iarratasóir leas as an €500, mar atá leagtha amach sa Scéim, chun:
    - Comhairle dlí;
    - Comhairle airgeadais.

Féadfaidh an Roinn cóipeanna de dhoiciméid a fháil mar;

- Tuarascáil luachála maidir leis an Maoin
- Liosta de dheisiúcháin riachtanacha, costálacha, cíos margaidh na maoine san áireamh
- Foirm LN. Is foirm í seo a chomhlánaíonn an t-údarás áitiúil ábhartha agus sonraíonn sé má tá riachtanas tithíochta sóisialta sa cheantar, má mheastar go bhfuil luach ar airgead ag baint leis an réadmhaoin, dá ndéanfadh an t-údarás áitiúil maoin den chineál seo a leithdháileadh ar chomhdhéanamh an teaghlaigh atá i gceist.

**Foinse na sonraí pearsanta**

Cuireann tusa, an t-iarratasóir, an chuid is mó den fhaisnéis phearsanta ar fáil trí fhoirm Cheistneoir Réadmhaoine a chomhlánú. D'fhéadfadh d'Iasachtóir nó do Sholáthraí Morgáiste go Cíosa roinnt sonraí pearsanta a sholáthar don Ghníomhaireacht Tithíochta le go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta an Scéim SMC a riar thar ceann na Roinne.

Mar phróiseálaí sonraí, agus ar mhaithe le riar na Scéime SMC, féadfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta sonraí pearsanta a fháil ón údarás tithíochta ábhartha le linn d'iarratas SMC.

**Cuspóirí na próiseála**

Úsáidfidh an Roinn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil chun an Scéim MTR a sholáthar. Nuair a bheidh d'iarratas SMC próiseáilte, bogfaidh tú ó bheith ina d'úinéir ar do theach féin go dtí bheith i do thionónta tithíochta sóisialta.

- Úsáidfear na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil lena chinntiú go gcomhlíonann gach iarratas SMC critéir incháilitheachta na scéime. Tá siad seo leagtha amach ag https://mortgagetorent.ie/do-i-qualify-for-mtr/.
- Bainfear úsáid as sonraí pearsanta chun tacair sonraí gan ainm a chruthú a ligfidh don Roinn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht sholáthar na scéime MTR ar an iomlán agus aon réimsí den scéim a bhfuil gá le hathruithe orthu a aithint chun a chinntiú go bhfuil an scéim ag freastal ar an mbealach is fearr le riachtanais an chohórt sin d'iasachtaithe a bhfuil riaráistí fadtéarmacha acu ar a bhfuil sí dírithe.
- Féadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a úsáid go hinmheánach le haghaidh iniúchta nó críocha comhlíonta eile sa chás go bhfuil bunús dleathach ag an Roinn lena leithéid de phróiseáil.
- Foilseofar staitisticí SMC ar bhonn ráithiúil ar an suíomh gréasáin Staitisticí maidir le Morgáiste go Cíos | An Ghníomhaire Tithíochta .Beidh na staitisticí seo gan ainm.

**Próifíliú**

Ní úsáidfidh an Roinn aon sonraí pearsanta a bhailítear uait maidir leis an Scéim SMC le haghaidh cinnteoireachta uathoibrithe, nó chun críocha próifílithe.

**Dlíthiúlacht na próiseála**

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagail 6(1)(e) agus 9(2)(b) de na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS).

Ligeann an scéim Morgáiste go Cíos d'úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú ó úinéireacht a bheith acu ar a dteach féin go dtí a dteach a ligean ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Mar a dúradh thuas, fostaíonn an Roinn an Ghníomhaireacht Tithíochta chun an Scéim SMC a riar ar a son. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta mar phróiseálaí sonraí don Roinn agus gníomhaíonn sí de réir a dtreoracha.

Chun an scéim seo a sholáthar, próiseálfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta do shonraí pearsanta faoi Airteagal 6(1)(e) 'Tasc Poiblí' den RGCS a cheadaíonn don phróiseáil atá riachtanach chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. Is é an bunús dlí do sholáthar na scéime seo ná Ailt 12 agus 19 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, Alt 6 de na Tithíocht (Forálacha Ilghnéitheacha 1992) agus na Rialacháin Tithíochta Sóisialta (IR 84/2011).

Tá na húdaráis áitiúla freagrach as measúnú a dhéanamh ar d'iarratas ar thithíocht shóisialta mar chuid den scéim SMC. Ní fheiceann an Ghníomhaireacht Tithíochta an t-eolas a sholáthraíonn tú ar an iarratas ar thithíocht shóisialta ach, ar d'fhoirm iarratais chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, iarrfar ort a rá má cháiligh tú do thithíocht shóisialta ar chúiseanna leighis nó atruacha. Is gá go mbeadh an méid seo ar eolas ag an nGníomhaireacht Tithíochta ionas gur féidir léi an t-eolas seo a chur san áireamh agus d'iarratas agus do mhaoin á measúnú. Is é an bunús dleathach chun an fhaisnéis seo a bhailiú ná Airteagal 9 2(b) den RGCS, a cheadaíonn próiseáil a dhéanamh ar shonraí de chatagóir speisialta má tá sé "riachtanach chun oibleagáidí a chomhlíonadh agus chun cearta sonracha an rialaitheora nó an duine is ábhar do na sonraí a fheidhmiú i réimse na fostaíochta agus slándála sóisialta agus dlí na cosanta sóisialta a mhéid a údaraítear é le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit". Is iad na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta (S.I. 84 de 2011) an reachtaíocht a bhaineann leis an mbunús dlí seo.

**Slándáil do shonraí pearsanta**

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun d'fhaisnéis a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, ní bhíonn aon bheart slándála gan locht nó dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne idircheaptha ar bith nó mí-úsáid de chineál eile. Sa chás go gcuirtear do chuid sonraí

pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na Roinne chun feidhme.

**Nochtadh d'fhaisnéise**

Féadfar sonraí pearsanta a roinnt le Ranna eile Rialtais, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó sin de réir dlí.

Roinnfear sonraí pearsanta leis an údarás áitiúil ábhartha freisin. Féadfar faisnéis a sholáthar freisin don chomhlacht Tithíochta Faofa ábhartha nó don soláthraí SMC príobháideach. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a chomhroinnt le haon cheann de na comhlachtaí seo ach amháin mar chuid de phróiseáil iarratas MTR duine/daoine.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht Tithíochta Luachálaí a cheapadh chun luacháil a dhéanamh ar réadmhaoin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta suirbhéir ceadaithe a cheapadh chun suirbhé a dhéanamh ar riocht na réadmhaoine chun a fháil amach cé na deisiúcháin riachtanacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

**An aistrímid do chuid faisnéise lasmuigh den LEE?**

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bhailítear maidir leis an Scéim SMC chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

**Do chearta**

Tá **Beartas um Chosaint Sonraí,** na Roinne a leagann amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar ábhar sonraí (sonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartúcháin, ceart chun scriosta, ceart chun srianadh ar phróiseáil, ceart agóide san áireamh), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá an polasaí ar fáil freisin i gcóip chrua ach é a iarraidh. Má bhreithníonn tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisiúin na hÉireann um Chosaint Sonraí (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

**Fianáin**

Is píosaí beaga téacs iad fianáin a stórálann do bhrabhsálaí ar do ríomhaire ar iarratas ó fhreastalaithe na Gníomhaireachta Tithíochta. Is minic a chumasaíonn siad seo feidhmiúlacht ar leith nó cuireann siad le d'eispéireas úsáideora ar chuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin sin. Tá tú i gcónaí saor chun diúltú don fhianán feidhme seo agus d'fhianáin eile den chineál céanna am ar bith a thugann tú cuairt ar an suíomh gréasáin. Déantar fianáin áirithe a meastar a bhfuil fíorghá leo a shuiteáil ar do ghléas trí chuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin.

Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi rangú na bhfianán agus chun do thoiliú le fianáin a tharraingt siar tabhair cuairt le do thoil ar an leathanach polasaí fianán nó cliceáil ar an táb bainistigh sainroghanna fianán ag bun aon leathanaigh ar an suíomh gréasáin. Féadfaidh tú freisin comhaid fianán a scriosadh de láimh ó do ríomhaire de do rogha féin. Tabhair faoi deara, áfach, nuair a dhiúltaíonn tú fianáin, d'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar ghnéithe áirithe den suíomh gréasáin. Má tá aon cheist nó imní ort maidir le fianáin, déan teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí le do thoil (tá an eolas teagmhála ar fáil ag deireadh an ráitis seo).

**Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?**

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar bailíodh agus ar próiseáladh iad. Ag teacht le riachtanais reachtúla agus gnó, ní choinneofar taifid ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun oibleagáidí reachtúla fhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 a chomhlíonadh

**Sonraí Teagmhála**

| | |
|---|---|
| **Rialaitheoir Sonraí**<br>Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí agus do shonraí pearsanta á bpróiseáil aici chun na gcríoch a leagtar amach thuas. Tá sonraí teagmhála na Roinne ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/organisation-information/839bc-contact-the-department-of-housing-local-government-and-heritage/ | Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ceaptha ag an Roinn chun tacú lena comhlíonadh an dlí um chosaint sonraí. Is iad na sonraí teagmhála le haghaidh OCS na Roinne:<br><br>Oifigeach Cosanta Sonraí<br>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta<br>Bóthar an Bhaile Nua<br>Loch Garman<br>Ríomhphost: **data.protection@housing.gov.ie** |
| **Próiseálaí Sonraí**<br>Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta an Próiseálaí Sonraí chun an Scéim SMC a riar. Is féidir sonraí teagmhála na Gníomhaireachta Tithíochta a fháil ar leathanach teagmhála linn suíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta. | Tá Trilateral Research Ltd. ceaptha ag an nGníomhaireacht Tithíochta mar Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) chun tacú lena comhlíonadh an dlí um chosaint sonraí. Toisc gur Próiseálaí Sonraí í an Ghníomhaireacht Tithíochta, cuirfear aon iarratais ar chosaint sonraí ar aghaidh chuig an Roinn (m.sh. Rialaitheoir Sonraí). Is iad seo a leanas sonraí teagmhála an OCS don Ghníomhaireacht Tithíochta:<br><br>Trilateral Research Ltd.; dpo@housingagency.ie; +353 01 657 1978 |

Coimeádtar an ráiteas seo faoi athbhreithniú rialta agus mar sin tá sé faoi réir athraithe.

Nuashonraithe Go Deireanach: 31 Eanáir 2025.